Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Márta 2022**
**(OR. fr)**

**7140/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0031(COD)**

**CODEC 281**
**AGRI 87**
**AGRIFIN 27**
**AGRIORG 27**
**AGRISTR 13**
**STATIS 13**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 12 Feabhra 2021, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 338 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 8 Márta 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

[1] 6161/21.
[2] 6818/22.

3. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 84/21 é, a fhormheas mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Fhionlainn ag vótáil ina choinne.

4. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.